RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1033 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Bealtaine 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1081 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de, agus do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([2]) agus go háirithe Airteagal 24(1) de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3])

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1081 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

1.1. Dleacht frithdhumpála

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 470/2014 ([5]) ('an rialachán frithdhumpála bunaidh'), d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(2) Le Rialachán (AE) 2015/1394 ([6]), tar éis ath-imscrúdú ionsúcháin de bhun Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle ([7]), leasaigh an Coimisiún leibhéal na dleachta frithdhumpála arna forchur leis an rialachán frithdhumpála bunaidh.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55.
([3]) IO L 238, 23.7.2020, lch. 1.
([4]) IO L 238, 23.7.2020, lch. 43.
([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 470/2014 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2014 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 142, 14.5.2014, lch. 1).
([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1394 ón gCoimisiún an 13 Lúnasa 2015 lena leasaítear Rialachán (AE) 470/2014, arna leasú le Rialachán (AE) 2015/588, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis ath-imscrúdú ionsúcháin de bhun Airteagal 12 de Rialachán (CE) 1225/2009 ón gComhairle (IO L 215, 14.8.2015, lch. 42).
([7]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 51.

(3) Le Rialachán (AE) 2020/1080 ([8]), tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036, chuir an Coimisiún fad leis an dleacht frithdhumpála chinntitheach go ceann 5 bliana eile ('na bearta atá i bhfeidhm'). Is idir 17,5 % agus 75,4 % na bearta atá i bhfeidhm.

1.2. **Dleachtanna frithchúitimh**

(4) Le Rialachán (AE) Uimh. 471/2014 ([9]) ('an rialachán frith-fhóirdheontais bunaidh'), d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(5) Le Rialachán (AE) 2020/1081 ([10]), tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037, chuir an Coimisiún fad leis na dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha go ceann 5 bliana eile ('na bearta atá i bhfeidhm'). Is idir 3,2 % agus 17,1 % na bearta atá i bhfeidhm.

1.3. **An táirge atá faoi réir na mbeart**

(6) An táirge atá faoi réir na mbeart frithdhumpála agus frithchúitimh, sainmhínítear é mar ghloine gréine a chuimsíonn gloine-chomhréidh-aoil-shóide fhaghartha, agus cion iarainn ann is lú ná 300 csm, tarchuras gréine is mó ná 88 % (a thomhaistear de réir AM1,5 300-2 500 nm), friotaíocht in aghaidh teasa suas le 250°°C (a thomhaistear de réir EN 12150), friotaíocht in aghaidh turraingí teirmeacha Δ 150 K (a thomhaistear de réir EN 12150) agus a bhfuil neart meicniúil 90 N/mm2 nó níos mó aige (a thomhaistear de réir EN 1288-3) agus atá faoi láthair faoi réir chód CN ex 7007 19 80 (cóid TARIC 7007 19 80 12, 7007 19 80 18, 7007 19 80 80 agus 7007 19 80 85) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (dá ngairtear 'gloine ghréine' de ghnáth).

(7) Baintear úsáid as an táirge atá faoi réir bearta mar cheann de na comhpháirteanna chun modúil fhótavoltacha sileacain chriostalta agus modúil fhótavoltacha tanascannáin a dhéanamh chun leictreachas a tháirgeadh ('modúil fhótavoltacha'), agus tiomsaitheoirí comhréidhe fuinnimh fhótaiteirmigh a mbaintear úsáid astu, mar shampla, chun uisce te a tháirgeadh ('modúil fhótaiteirmeacha').

(8) Mar sin féin, is trí thagairt a dhéanamh dá saintréithe fisiciúla agus teicniúla a shainítear an táirge atá faoi réir na mbeart, agus ní trí aon úsáid shonrach. D'fhéadfadh teacht timpeall na mbeart a bheith mar thoradh ar eisiamh trí chúis na húsáide deiridh. Dá bhrí sin, cumhdaítear leis na bearta an ghloine ar fad a bhfuil na saintréithe fisiciúla agus teicniúla aici a luaitear in aithris (6), gan beann ar an úsáid atá aici. Soiléiríodh sna rialacháin frithdhumpála agus frithchúitimh bunaidh ([11]) gur cumhdaíodh gloine le haghaidh úsáidí eile, mar shampla, tithe gloine a thógáil agus troscáin.

2. **SOILÉIRIÚ AR AN TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR NA mBEART**

(9) De réir an chleachtais reachtaigh chaighdeánaigh mar a dheimhnítear le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is modh léirmhínithe iad aithrisí dhlí an Aontais. Trí bhíthin léirmhíniú ar dhlí an Aontais bíonn soiléireacht á lorg i bhfianaise a chuspóra arna chur in iúl go hoibiachtúil. Ní mór dó éifeacht a thabhairt d'aidhm agus do mheon na reachtaíochta, agus an comhthéacs agus na cuspóirí ginearálta a bhaineann leis á gcur san áireamh. Ós rud é gur cuireadh an Coimisiún ar an eolas go raibh deacrachtaí ag údaráis na mBallstát agus raon táirge an rialacháin frithdhumpála agus frithfhóirdheontais bunaidh á léirmhíniú, tá tuilleadh soiléireachta á lorg ar an ábhar seo.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun athbhreithniú éaga faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 238, 23.7.2020, lch. 1).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 471/2014 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2014 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 142, 14.5.2014, lch. 23).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1081 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 238, 23.7.2020, lch. 43).

([11]) Roinn B.2 den rialachán frithdhumpála bunaidh agus Roinn B.3 den rialachán frith-fhóirdheontais bunaidh.

(10) Dá bhrí sin, chun cur chun feidhme aonfhoirmeach na mbeart atá i bhfeidhm a áirithiú, chinn an Coimisiún gurb iomchuí é an chuid oibríochtúil de Rialacháin (AE) 2020/1080 agus 2020/1081 a leasú chun soiléireacht ar raon táirge na mbeart ó glacadh iad den chéad uair a áireamh go sainráite.

(11) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 1(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080:

'Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine a chuimsíonn gloine-chomhréidh-aoil-shóide fhaghartha, agus cion iarainn ann is lú ná 300 csm, tarchuras gréine is mó ná 88 % (a thomhaistear de réir AM1,5 300-2 500 nm), friotaíocht in aghaidh teasa suas le 250°°C (a thomhaistear de réir EN 12150), friotaíocht in aghaidh turraingí teirmeacha Δ 150 K (a thomhaistear de réir EN 12150) agus a bhfuil neart meicniúil 90 N/mm2 nó níos mó aige (a thomhaistear de réir EN 1288-3) agus atá faoi láthair faoi réir chód CN ex 7007 19 80 (cóid TARIC 7007 19 80 12, 7007 19 80 18, 7007 19 80 80 agus 7007 19 80 85) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Áirítear ar an ngloine gréine atá faoi réir dleacht frithdhumpála an ghloine uile a chomhlíonann na saintréithe teicniúla agus fisciúla a luaitear thuas, cé acu a bhaintear úsáid aisti le haghaidh modúil fótavoltacha, tiomsaitheoirí comhréidhe fuinnimh fhótaiteirmigh, troscáin, tithe gloine a thógáil, nó le haghaidh úsáidí eile'.

Airteagal 2

Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 1(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1081:

'Forchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí gloine gréine a chuimsíonn gloine-chomhréidh-aol-shóide fhaghartha, agus cion iarainn ann is lú ná 300 csm, tarchuras gréine is mó ná 88 % (a thomhaistear de réir AM1,5 300-2 500 nm), friotaíocht in aghaidh teasa suas le 250°°C (a thomhaistear i gcomhréir le EN 12150), friotaíocht in aghaidh turraingí teirmeacha Δ 150 K (a thomhaistear de réir EN 12150) agus a bhfuil neart meicniúil 90 N/mm2 nó níos mó aige (tomhaiste i gcomhréir le EN 1288-3) agus atá faoi láthair faoi réir chód CN ex 7007 19 80 (cóid TARIC 7007 19 80 12, 7007 19 80 18, 7007 19 80 80 agus 7007 19 80 85) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Áirítear ar an ngloine ghréine atá faoi réir dleacht frithchúitimh an ghloine uile a chomhlíonann na saintréithe teicniúla agus fisciúla a luaitear thuas, cé acu a bhaintear úsáid aisti le haghaidh modúil fhótavoltacha, tiomsaitheoirí comhréidhe fuinnimh fhótaiteirmigh, troscáin, tithe gloine a thógáil, nó le haghaidh úsáidí eile'.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN